Gradaim Na Scannán

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoi na Oscars a bhí ar siúl i gCathair na n-Aingeal aréir. Féach ar an tuairisc uair amháin. Cé mhéad den eolas a d'éirigh leat a thuiscint, bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

Ceist 2 Seo stór focal a bhí le cloisteáil sa tuairisc. Ag obair leis an duine in aice leat, ceanglaígí na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis:

a) Scannán	**1) Story**
b) Piollairí	**2) Actress**
c) Tubaisteach	**3) Team**
d) Scéal	**4) Pills**
e) Gradam	**5) Honour**
f) Ban-aisteoir	**6) Actor**
g) Meiriceá	**7) Film**
h) Aisteoir	**8) Disastrous**
i) Timpiste	**9) Accident**
j) Foireann	**10) America**

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus abair an bhfuil na habairtí thíos **fíor** nó **bréagach**.

1. Bhuaigh 'The Reader' ocht ngradam **Fíor/Bréagach**
2. I Nua-Eabhrac a bhí an ceiliúradh **Fíor/Bréagach**
3. Is í Kate Winslet a bhuaigh an gradam don bhan-aisteoir is fearr. **Fíor/Bréagach**
4. Is é Sean Penn an t-aon aisteoir Meiriceánach a bhuaigh gradam ar an oíche **Fíor/Bréagach**

.

5. Is í Penelope Cruz an dara haisteoir Spáinneach a bhfuil gradam don aisteoir tacaíochta buaite aici. **Fíor/Bréagach**
6. Bhuaigh Danny Boyle gradam don stiúrthóir is fearr. **Fíor/Bréagach**
7. Is é seo an chéad ghradam atá buaite ag 'The Reader' i mbliana. **Fíor/Bréagach**
8. Bhuaigh Heath Ledger gradam dá pháirt sa scannán 'The Dark Knight'. **Fíor/Bréagach**

Ceist 4 *'Ocht nGradam'*
Cén fáth a n-úsáidtear urú?

Bain triail as na samplaí seo.
1. Ceithre (carr)
2. Ocht (cathaoir)
3. Seacht (cupán)
4. Trí (cóta)
5. Naoi (capall)
6. (Duine) amháin
7. Ocht (bord)
8. Sé (rothar)

Ceist 5.

A. B.

C. D.

Abair cé acu A,B,C nó D iad na poist seo.

Siúinéir _____

Tiománaí _____

Tréidlia _____

Dochtúirí _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa.

1. Ca bhfuil Cathair na n-Aingeal?
2. An bhfaca tú an scannán 'Slumdog Millionaire'?
3. Dá mbuafá milliún Euro, céard a dhéanfá leis an airgead?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas acu faoin scéal.

Ceist 2
a-7
b-4
c-8
d-1
e-5
f-2
g-10
h-6
i-9
j-3

Ceist 3

1. Bréagach
2. Bréagach
3. Fíor
4. Fíor
5. Bréagach
6. Fíor
7. Bréagach
8. Fíor

Ceist 4

Cuirtear urú ar na hainmfhocail a thagann tar éis na n-orduimhreacha 7-10. Mar sin, deirtear ‘Ocht **n**Gradam’.

1. Ceithre c**h**arr
2. Ocht **g**cathaoir
3. Seacht **g**cupán
4. Trí c**h**óta
5. Naoi **g**capall
6. Duine amháin
7. Ocht **m**bord
8. Sé rothar.

Ceist 5.

Siúinéir	B
Tiománaí	D
Tréidlia	C
Dochtúirí	A

Ceist 6.

Lig dóibh na ceisteanna a phlé i ngrúpaí nó le chéile.

Éimear Ní Chonaola

I gCathair na n-Aingeal aréir d'éirigh leis an scannán as an mBreatain, '*Slumdog Millionaire*' ocht ngradam ar fad a bhuachan[1], ina measc an gradam don scannán agus don stiúrthóir is fearr, Danny Boyle. Bhuaigh Kate Winslet an gradam don bhan-aisteoir is fearr as a páirt sa scannán '*The Reader'* a léirigh Redmond Morris as an Spidéal i gContae na Gaillimhe.

Bhí lucht aisteoireachta agus daoine i dtionscal na scannán[2] go péacógach, galánta, aréir ag na Oscars ach ba léir ó thús na hoíche go mbeadh oíche mhór ag foireann léirithe agus aisteoirí '*Slumdog Millionaire'*, an scannán grá atá suite i Mumbai na hIndia.
Is beag iontas eile a fógraíodh aréir. Is í Kate Winslet a fuair gradam don bhan-aisteoir is fearr dá páirt sa scannán '*The Reader'*. Is iomaí gradam eile atá buaite aici cheana féin[3] i mbliana ina measc Golden Globe agus BAFTA.

Is é[4] Sean Penn an t-aon aisteoir as Meiriceá a bhuaigh gradam aisteoireachta aréir as a pháirt mar Harvey Milk sa scéal polaitiúil '*Milk*'. Is í[5] Penelope Cruz an chéad Spáinneach le gradam a bhuachan[6] don aisteoir tacaíochta is fearr i scannán de chuid Woody Allen, "*Vicky Cristina Barcelona"*. Agus bronnadh an gradam don aisteoir tacaíochta is fearr ar Heath Ledger dá pháirt sa scannán '*The Dark Knight'*. Bhásaigh Ledger go tubaisteach i Mí Eanáir anuraidh nuair a thóg sé an iomarca piollairí[7] trí thimpiste agus ghlac a mhuintir buíochas leis an tionscal.

Ach i ndáiríre, ba é an scannán '*Slumdog Millionaire'* a bhí buacach ríméadach. Cúig mhilliún déag a caitheadh ar an scannán agus ocht ngradam dá bharr. Bhí na haisteoirí óga as Mumbai i láthair ag an gceiliúradh aréir agus ba léir chomh gealgháireach is a bhí an stiúrthóir Danny Boyle, a bhuaigh gradam dom stiúrthóir is fearr. Agus ar deireadh, nuair a fógraíodh an gradam don scannán is fearr, chuaigh an fhoireann agus aisteoirí ar fad suas ar stáitse agus caoineadh go leor deora áthais i Mumbai na hIndia freisin.

---

[1] A *bhuachaint* a deirtear
[2] *Sa tionscal scannáin* a deirtear
[3] *fhéin* a deirtear
[4] '*Sé* a deirtear
[5] '*Sí* a deirtear
[6] A *bhuachaint* a deirtear
[7] *piollaí* a deirtear